Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13567/20**

**RECH 483**
**COMPET 611**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde Nua |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí thuasluaite ón gComhairle a d'fhormheas an Chomhairle tríd an nós imeachta i scríbhinn an 1 Nollaig 2020.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS

## AN LIMISTÉAR EORPACH TAIGHDE NUA

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

**AG MEABHRÚ DI**

– Rún ón gComhairle mhí an Mheithimh 2000[1] lena mbunaítear limistéar Eorpach taighde agus nuálaíochta;

– gur comhaontaíodh ag an gComhairle Eorpach in Barcelona i mí an Mhárta 2002[2] gur cheart an caiteachas foriomlán ar thaighde, ar fhorbairt agus ar nuálaíocht san Aontas a mhéadú agus é mar aidhm druidim le 3 % den OTI;

– Airteagal 179 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh lena mbunaítear Limistéar Eorpach Taighde;

– na Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Feabhra 2011[3] inar dearbhaíodh go dteastaíonn limistéar aontaithe taighde ón Eoraip chun tallann agus infheistíocht a mhealladh, agus inar iarradh go gcruthófaí fíormhargadh aonair don fhaisnéis, don taighde agus don nuálaíocht;

– an Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Iúil 2012[4] agus na Conclúidí uaidh in 2012 maidir le *Reinforced European Research Area Partnership for Excellence and Growth* [Comhpháirtíocht Neartaithe um an Limistéar Eorpach Taighde ar mhaithe le Sármhaitheas agus Fás][5] inar comhaontaíodh na Tosaíochtaí LET atá ann faoi láthair;

---

1 IO C 205, 19.7.2000, lch. 1
2 SN 100/1/02
3 EUCO 2/11
4 12848/12
5 17649/12

– na Conclúidí uaithi in 2013[6] maidir le "Comhar idirnáisiúnta an AE a fheabhsú agus a dhíriú sa taighde agus sa nuálaíocht: cur chuige straitéiseach" lena n-aithnítear an ghné idirnáisiúnta mar chuid thábhachtach de LET;

– na Conclúidí uaithi i mí na Bealtaine 2015 maidir le "Treochlár an Limistéir Eorpaigh Taighde 2015-2020"[7], a bhí mar bhunús le Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta LET na mBallstát ina dhiaidh sin;

– na Conclúidí uaithi i mí na Nollag 2015[8] maidir leis an gcomhionannas inscne a chur chun cinn sa Limistéar Eorpach Taighde;

– na Conclúidí uaithi ó mhí na Bealtaine 2016[9] maidir le "An t-aistriú i dtreo Córas Eolaíochta Oscailte";

– na conclúidí uaithi ó mhí na Samhna 2016[10] maidir le 'Bearta chun tacú le taighdeoirí luathchéime, chun tarraingteacht na ngairmeacha eolaíochta a ardú agus infheistíocht sa chumas daonna, sa taighde agus san fhorbairt a chothú';

– na Conclúidí uaithi ó mhí na Bealtaine 2018[11] maidir le "An Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte";

– na Conclúidí uaithi i mí na Samhna 2018[12] maidir le "Rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde" inar iarradh ar an gCoimisiún Teachtaireacht nua maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde a fhoilsiú faoi lár na bliana 2020 don tréimhse tar éis 2020, agus ar tháinig plean gníomhaíochta de chuid an Choiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus Nuálaíochta (CLETN) ina dhiaidh;

– na Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mhárta 2019[13], inar iarradh ar an Aontas dlús a chur leis an infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht (T&N) d'fhonn leanúint de bheith iomaíoch ar fud an domhain i bpríomhtheicneolaíochtaí agus i slabhraí luacha straitéiseacha;

6 497/12
7 9351/15
8 14846/15
9 9526/16
10 15013/16
11 9291/18
12 14989/18
13 EUCO 1/19

– Clár Oibre Straitéiseach an Aontais do 2019-2024[14], ina leagtar béim ar an ngá atá le hiarrachtaí taighde a mhéadú, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar ilroinnt an taighde, na forbartha agus na nuálaíochta Eorpaí, agus aithnítear ann nach mór dúinn níos mó a dhéanamh chun comhionannas idir mná agus fir a áirithiú, chomh maith le cearta agus comhdheiseanna do chách;

– an Tuairim maidir le todhchaí LET a ghlac CLETN i mí na Nollag 2019[15] ina leagtar amach na príomhghnéithe le haghaidh "LET nua";

– an teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Mheán Fómhair 2020[16] maidir le *A new ERA for research and innovation* [LET nua don taighde agus don nuálaíocht].

## I. AN COMHTHÉACS POLAITIÚIL

1. CUIREANN SÍ i dTREIS a thábhachtaí atá sé go gcuirfear chun feidhme "Clár oibre straitéiseach na gceannairí, 2019-2024" lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin is práinní trí dhíriú ar shaoránaigh agus saoirsí a chosaint, ar bhonn eacnamaíoch atá láidir agus bríomhar a fhorbairt, ar Eoraip a bheidh aeráidneodrach, glas, cothrom agus sóisialta a fhorbairt, agus ar leasanna agus luachanna Eorpacha a chur chun cinn ar an leibhéal domhanda.

2. Is DÍOL SÁSAIMH DI freisin tosaíochtaí nua an Choimisiúin do 2019-2024, lena ndírítear ar réimsí bunriachtanacha an chlaochlaithe, lena n-áirítear an Eoraip a bheith ar an gcéad ilchríoch aeráidneodrach ("Comhaontú Glas don Eoraip"), cur chuige nua i leith na nuálaíochta mar atá luaite sa "Straitéis Tionsclaíoch Nua" ("Geilleagar a Fhóireann do Dhaoine"), ábharthacht "Sláinte Dhomhanda", lena dtreisítear ceannaireacht dhomhanda fhreagrach na hEorpa ("Eoraip níos láidre sa domhan"), lena gcumasaítear daoine le glúin nua teicneolaíochtaí ("Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach"), "Ugach nua do Dhaonlathas na hEorpa", agus "Ár nDóigh Bheatha Eorpach a chur chun cinn", é a bheith mar aidhm pláinéad folláin a bheith againn, an Eoraip a ullmhú do dhomhan digiteach nua, agus a ceannasacht theicneolaíocht a leathnú. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le straitéis taighde, nuálaíochta agus idirleata atá claochlaitheach agus réamhbhreathnaitheach a fhorbairt chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach, agus chun fás agus iomaíochas na táirgiúlachta inbhuanaithe san Eoraip a áirithiú.

14 Arna ghlacadh ag an gComhairle Eorpach an 20 Meitheamh 2019
15 ERAC 1201/20
16 11400/20 + ADD1

3. ADMHAÍONN SÍ an dul chun cinn atá déanta maidir le LET a bhaint amach, go háirithe ar bhonn threochlár an Limistéir Eorpaigh Taighde agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta LET lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí reatha LET arb é is aidhm dóibh den chuid is mó feabhas a chur ar cháilíocht na gcóras T&N ar fud na hEorpa agus ar a n-idirghníomhú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus is ábhar imní di, an moilliú agus an dul chun cinn míchothrom ar fud an Aontais[17]. Is DÍOL SÁSAIMH DI i ndáil leis an méid sin na huaillmhianta nua a bhaineann le LET mar a cuireadh in iúl iad san *ERAC opinion on the future of the ERA* [tuairim ó CLETN maidir lena bhfuil i ndán do LET], agus sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *A new ERA for research and innovation* [LET nua don taighde agus don nuálaíocht]. Cuireann SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá don Choimisiún agus do na Ballstáit an "ERA Nua" sin a chomhchruthú agus a chur chun feidhme go comhpháirteach ar gach leibhéal d'fhonn comhúinéireacht chóir chothrom a áirithiú ar fud an Aontais.

4. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le forbairt "LET Nua" ar fud gach cuid de Chreatchlár an Aontais do T&N, agus trí bheartais agus cláir eile de chuid an Aontais atá beartaithe a úsáid, lena n-áirítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ionstraimí an bheartais chomhtháthaithe, an Clár don Eoraip Dhigiteach agus an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil. Cuireann SÍ IN IÚL gurb é Creatchlár an Aontais le haghaidh T&N an ionstraim is tábhachtaí ar leibhéal an Aontais chun tacú leis an Limistéar Eorpach Taighde agus le hé a chur chun feidhme.

## <u>II. SPRIOCANNA AN "LET NUA"</u>

5. SAINÍONN SÍ an "LET Nua" mar limistéar barr feabhais atá dírithe ar thaighdeoirí, bunaithe ar luachanna agus tioncharthiomanta, agus ina dtugtar tacaíocht do thaighdeoirí, d'fhaisnéis agus don teicneolaíocht agus inar féidir leo gluaiseacht go saor. Ba cheart go mbeadh an "ERA nua" seo bunaithe ar fhreagrachtaí comhroinnte, ar rannpháirtíocht geallsealbhóirí agus saoránach, ag tógáil ar éagsúlacht agus láidreachtaí éiceachórais T&N na hEorpa, atá freagrúil don treoíocht chliste agus a bhfuil taighde bunúsach bunriachtanach ina leith chun sármhaitheas, mealltacht agus buntáiste iomaíoch éiceachórais T&N a áirithiú.

---

Tuarascáil ar dhul chun cinn LET, 2018

6. CUIREANN SÍ I dTREIS GO go bhfuil luach i bhfad níos mó ná an méid a chuireann siad le fás inbhuanaithe agus le poist inbhuanaithe ag gníomhaíochtaí T&N, lena gcuimsítear an réimse iomlán idir thaighde agus nuálaíocht fheidhmeach agus an t-eolas a tháirgeann siad, trí ionchur riachtanach a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha agus ar bunchloch den cheapadh beartais atá bunaithe ar luach agus ar fhianaise iad agus dá bhrí sin dár ndaonlathais Eorpacha. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go mbeadh oscailteacht leanúnach ann don chomhar idirnáisiúnta chun spriocanna an "LET nua" a bhaint amach, chun tacú le ról na hEorpa mar cheannaire domhanda agus MEASANN SÍ gur príomh-chomhpháirtithe iad na Tíortha Comhlachaithe den "LET Nua".

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról suntasach atá ag T&I maidir le téarnamh na hEorpa a bhaint amach agus, ag an am céanna, an t-aistriú digiteach agus glas a chumasú agus a luathú, athléimneacht agus ullmhacht do géarchéimeanna a neartú, agus tacú le buntáiste iomaíoch na hEorpa. CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann le beartas T&I chun infheistíocht T&I gnó a ghiaráil, teicneolaíochtaí nua a chur in úsáid agus tacú le hionsú faisnéise agus teicneolaíochtaí i réimsí beartais ábhartha lena chur ar a gcumas do ghnólachtaí Eorpacha táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt a d'fhéadfadh dul san iomaíocht go rathúil i margaí domhanda agus réitigh éifeachtacha ar dhúshláin shochaíocha a chur ar fáil, agus ar an gcaoi sin, cur le ceannasacht theicneolaíoch.

8. CUIREANN SÍ I dTREIS an acmhainneacht a bhaineann le comhar agus comhordú níos dlúithe T&I i LET idir leibhéil réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha d'fhonn tionchar na n-infheistíochtaí a uasmhéadú chun comhchuspóirí beartais a bhaint amach ar bhealach éifeachtach agus é dírithe ar thionchar a imirt, lena n-áirítear an deighilt T&I a laghdú ar fud an Aontais.

9. CUIREANN S I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart don 'LET Nua' leanúint de cháilíocht na gcóras T&N agus a nascálacha ar fud na hEorpa a neartú, rannchuidiú ag an am céanna le hidirghníomhaíochtaí níos fearr idir beartais T&N agus réimsí beartais eile, go háirithe beartais Ardoideachais agus beartais thionsclaíocha agus foráil a dhéanamh d'idirghníomhú níos éifeachtaí leis an tsochaí.

10. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tús áite a thabhairt d'infheistíochtaí i dtreo an 'LET Nua' agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ an sprioc infheistíochta 3% de OTI an Aontais in T&N[18]. IARRANN SÍ ar na Ballstáit spriocanna infheistíochta a leagan síos ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe maidir le hiarrachtaí poiblí T&F. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na tograí ón gCoimisiún sprioc nua iarrachta poiblí 1.25 % de OTI an Aontais a áireamh a bheidh le baint amach ag na Ballstáit faoi 2030 ar bhealach comhordaithe AE agus dhá sprioc dheonacha nua do na Ballstáit chun 5 % de mhaoiniú poiblí T&F a ghealladh do chláir chomhpháirteacha agus comhpháirtíochtaí Eorpacha faoi 2030 agus an infheistíocht T&F i dtíortha atá faoi bhun mheándéine T&F an Aontais a mhéadú 50 %[19].

11. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór an 'LET Nua' a bheith níos inláimhsithe, níos láidre ó thaobh tionchair de agus níos ábhartha do thaighdeoirí, nuálaithe, geallsealbhóirí T&N agus saoránaigh ar fud na hEorpa. CUIREANN SÍ I dTREIS i dtaca leis sin an breisluach a bhaineann le gníomhaíochtaí nithiúla LET mar chuid de chlár oibre beartais LET ba cheart a fhorbairt go comhpháirteach ar bhealach córasach, tráthúil agus ba cheart a chur chun feidhme idir na Ballstáit agus an Coimisiún ar bhealach lena mbainfidh an tionchar is mó is féidir ar fud na hEorpa chun na héiceachórais náisiúnta a neartú, móiminteam a thógáil agus chun tiomantas polaitiúil a áirithiú. CUIREANN SÍ I dTREIS de bharr éagsúlacht chreataí beartais T&N na mBallstát nach mór cur chuige deonach chun gníomhaíochtaí nithiúla LET a chur chun feidhme agus é mar aidhm ag an am céanna rannpháirtíocht leathan a bheith ann. AITHNÍONN SÍ go bhféadfaí treoirghníomhaíochtaí LET a sheoladh in 2021 a mbeidh tacaíocht leathan pholaitiúil acu agus a chuirfidh mais chriticiúil de na Ballstáit agus den Choimisiún chun feidhme go comhpháirteach chun an móiminteam polaitiúil a choinneáil i réimsí tosaíochta gníomhaíochta ar fud an Aontais agus deiseanna a chur ar fáil lasmuigh de na Ballstáit rannpháirteacha chun tairbhe na mBallstát uile.

---

18 I straitéis Eoraip 2020, leagtar amach an sprioc 'na dálaí a fheabhsú le haghaidh nuálaíochta, taighde agus forbartha' go háirithe leis an aidhm 'infheistíocht phoiblí agus phríobháideach in T&F a mhéadú go 3 % den OTI' faoi 2020, sa chaoi is gur cheart go n-eascródh 2/3 ón earnáil phríobháideach agus ó 1/3 ón earnáil phoiblí.

19 Faoi ollchaiteachas intíre ar T&F, cumhdaítear gach caiteachas le haghaidh T&F a dhéantar sa chríoch náisiúnta le linn tréimhse thagartha shonrach (Frascati 2015). Cumhdaítear caiteachas poiblí agus príobháideach T&D faoi ollchaiteachas intíre ar T&F. Comhiomlán is ea é den T&F a dhéanann ceithre earnáil institiúideacha: fiontar gnó; rialtas; ardoideachas; neamhbhrabús príobháideach.

## III. TOSAÍOCHTAÍ GNÍOMHAÍOCHTA ERA

12. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór spriocanna an 'LET Nua' a aistriú go gníomhaíochtaí nithiúla LET i gcomhréir leis na ceithre réimse tosaíochta a ndéantar cur síos orthu thíos. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún teacht ar chomhaontú go pras maidir le clár oibre beartais LET, AG CUR SAN ÁIREAMH GO CUÍ DI gur túsphointe tábhachtach é an treochlár LET a mhol an Coimisiún.

### A. LET A DHOIMHNIÚ – CREATCHOINNÍOLLACHA

13. SAINÍONN SÍ an eilimint 'LET a dhoimhniú' mar sprioc chomhroinnte ag an Aontas agus a Bhallstáit chun féachaint le feabhas a chur ar choinníollacha oibre, infhostaitheachta agus ar chreatchoinníollacha ábhartha eile ar gach leibhéal chun an poitéinseal comhair agus an nascacht sa Limistéar Eorpach Taighde a scaoileadh ina n-iomláine ar leibhéal na dtaighdeoirí, na dtionscadal, na gclár agus na n-institiúidí.

14. IARRANN SÍ ar na Ballstáit leanúint d'athchóiriú a dhéanamh ar a gcóras T&N agus ar a n-institiúidí agus ar a n-eagraíochtaí faoi seach, ionas go mbeidh siad níos tarraingtí, idir-inoibrithí, cuimsithí agus iomaíche; CUIREANN SÍ I dTREIS, seachas barr feabhais, treorú tionchair agus infheistíochtaí agus acmhainní iomchuí, gurb iad eitic agus comhluachanna - lena n-áirítear sláine taighde, saoirse an taighde eolaíoch, meastóireacht piaraí fhónta, comhionannas agus éagsúlacht - na príomhghnéithe do chóras láidir T&N san Eoraip.

15. AITHNÍONN SÍ ról an Choimisiúin athchóirithe agus infheistíochtaí na mBallstát a spreagadh agus a dhreasú chun idir-inoibritheacht níos fearr a bhaint amach san Aontas, trí thacaíocht airgeadais trí chláir agus ionstraimí ábhartha de chuid an Aontais - Creatchlár an Aontais le haghaidh T&N go háirithe, agus trí idirphlé rialta agus ionstraimí tacaíochta beartais comhfhreagracha thar thacaíocht airgeadais, lena n-áirítear anailís, treoir, comhairle, tacaíocht theicniúil, faireachán agus gníomhaíochtaí anailísíochta sonraí a chur ar fáil.

16. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Stáit rannpháirteacha an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte agus na chreatchoinníollacha a ghabhann leis a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh mar threoirghníomhaíocht LET chun LET a dhoimhniú, go háirithe trí leanúint le cónascadh na mbonneagar agus na seirbhísí sonraí taighde ar fud na hEorpa, agus chun eolas oscailte agus comhoibríoch agus comhroinnt sonraí agus idir-inoibritheacht a chothú laistigh de LET, chun fónamh i rialachas trípháirteach mar spás agus ardán seirbhíse sonraí atá iontaofa, slán agus feidhmiúil don taighde agus don nuálaíocht san Eoraip agus chun nascadh le spásanna sonraí téamacha amhail an spás coiteann sonraí sláinte Eorpach.

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíochtaí LET lena dtugtar aghaidh ar na príomhdhúshláin a fhorbairt agus a chur chun feidhme go comhpháirteach i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí LET chun LET a dhoimhniú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit teacht ar chomhaontú faoi ghníomhaíochtaí tosaíochta a chomhaontú mar chuid de chlár oibre beartais LET in 2021, lena n-áirítear faoi gníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas:

   i. **Gairmeacha sa taighde**: CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur eilimint ríthábhachtach den 'LET Nua' í tarraingteacht na ngairmeacha sa taighde a fheabhsú, trí choinníollacha oibre agus fostaíochta atá tarraingteach agus sábháilte a chruthú le go mbeidh gairmeacha taighdeoirí níos inbhuanaithe agus níos tarraingtí agus, dá bharr sin, go mbeifear in ann taighdeoirí den scoth a mhealladh agus a choinneáil; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit 'Creat Eorpach um Inniúlachtaí i ndáil le Gairmeacha Taighde' a cheapadh go comhpháirteach, lena n-áirítear le haghaidh Bonneagair Thaighde, - mar obair leantach ar an 'Cairt Eorpach do Thaighdeoirí' agus ar an 'Cód Iompair um Earcú Taighdeoirí', agus eolaíocht oscailte, comhionannas inscne, scileanna digiteacha, measúnú taighde, éagsúlú gairmeacha taighde agus ilchonairí gairme agus eilimintí breise ábhartha den Chlár Oibre Eorpach do Scileanna[20] agus den 'Glao Shágrab ar Ghníomhaíocht' á gcur san áireamh; TUGANN SÍ DÁ hAIRE na tograí ón gCoimisiún sa teachtaireacht maidir le LET, lena n-áirítear sraith uirlisí tacaíochta do ghairmeacha taighde agus tionscnamh ERA4You chun comhar agus soghluaisteacht idir an saol acadúil agus an lucht gnó a neartú, i measc nithe eile.

20 9349/20

ii. **Sineirgí:** IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí nua atá á ndéanamh chun sineirgí a chruthú agus a shaothrú idir ionstraimí cistiúcháin Eorpacha chun tionchar na bhfoinsí éagsúla cistiúcháin a uasmhéadú chun a áirithiú go mbeidh an dá aistriú éifeachtach agus go mbeidh téarnamh tapa ann, go háirithe idir Fís Eorpach, Erasmus+, cistí an bheartais chomhtháthaithe (CFRE, CSE+ agus an Ciste Comhtháthaithe), Next Generation EU, Clár an Mhargaidh Aonair, ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais, EU4Health, an Clár don Eoraip Dhigiteach amach anseo, agus ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún treoir phraiticiúil agus uirlisí cuíchóirithe a chur ar fáil do na Ballstáit maidir leis an mbealach is fearr chun na sineirgí sin a chur feidhme sa chomhthéacs náisiúnta agus réigiúnach.

iii. **Saoirse Eolaíochta/Saoirse Acadúil**: AITHNÍONN SÍ na hiarrachtaí atá á ndéanamh faoi Phróiseas Bologna chun an tsaoirse acadúil a neartú agus chun faireachán a dhéanamh uirthi in earnáil an ardoideachais sna 49 dtír i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA). IS DÍOL SÁSAIMH DI dearbhú Bonn maidir le saoirse an taighde eolaíoch a formhuiníodh an 20 Deireadh Fómhair 2020 agus Teachtaireacht na nAirí lena gcumhdaítear an tsaoirse acadúil agus a glacadh le linn chomhdháil EHEA sa Róimh an 19 Samhain 2020 mar thúsphointe comhpháirteach chun saoirse na heolaíochta/saoirse acadúil a choimirciú agus a fheabhsú agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na hinstitiúidí acadúla féachaint go géar ar an taithí a fuarthas i próiseas Bologna agus measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí don taighde agus oibriú le chéile go háirithe maidir le táscairí, modhanna meastóireachta agus faireacháin a d'fhéadfadh a bheith ann agus a ábhartha a bheidís chun saoirse an taighde eolaíoch a threisiú a thuilleadh laistigh de LET.

iv. **LET agus EHEA a nascadh**: CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sineirgí agus idirnaisc níos láidre le forbairt idir LET, EHEA agus na heilimintí den Limistéar Eorpach Oideachais a bhaineann leis an ardoideachas; AITHNÍONN SÍ claochluithe institiúideacha, gairmeacha sa taighde, oideachas eolaíochta, oiliúint, comhar idirnáisiúnta agus cúrsaíocht eolais mar réimsí a d'fhéadfadh a bheith ina gcuid de chomhar níos daingne. TACAÍONN SÍ le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar "Chomhghuaillíochtaí Ollscoileanna na hEorpa" mar eiseamláir shuaitheanta d'institiúidí ardoideachais nua-aimseartha agus cuimsitheacha amach anseo san Eoraip. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an togra ón gCoimisiún le haghaidh treochlár gníomhaíochtaí a fhorbairt chun sineirgí a chruthú idir an t-ardoideachas agus an taighde.

v. **Bonneagair thaighde**: CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór infheistíocht a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe i mbonneagair thaighde náisiúnta agus Eorpacha ar feadh a saolré chun cur le torthaí den scoth sna heolaíochtaí bunúsacha agus feidhmeacha agus an t-eolas cuimsitheach is gá a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo; MOLANN SÍ do na Ballstáit, do na Tíortha Comhlachaithe agus don Choimisiún, trí thógáil ar an bpáipéar bán *Making Science Happen* [An Eolaíocht a Chur Chun Cinn] ón bhFóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Thaighde, obair a dhéanamh chun éiceachóras Eorpach níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt le haghaidh bonneagair thaighde mar phríomhacmhainn LET Nua agus leas iomlán a bhaint as an méid bunriachtanach a chuireann sé le comhroinnt sonraí agus le rialú cáilíochta sonraí atá CÓIR. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil sé ríthábhachtach, chun sármhaitheas agus cuimsitheacht a bhaint amach, rochtain oscailte leordhóthanach a sholáthar ar bhonneagair thaighde náisiúnta agus thrasnáisiúnta, comhoibriú agus comhtháthú méadaithe a chur ar fáil dóibh ar fud an Aontais, agus feabhas a chur ar mhalartú faisnéise maidir leis na hacmhainneachtaí atá ann cheana e.g. trí threochláir um bonneagair thaighde náisiúnta agus próiseas an Fhóram Straitéisigh Eorpaigh um Bonneagair Thaighde.

vi. **Eolaíocht oscailte**: CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil ról ríthábhachtach ag an eolaíocht oscailte, lena n-áirítear rochtain oscailte ar fhoilseacháin agus ar shonraí taighde a phríomhshruthú, maidir le tionchar, cáilíocht, éifeachtúlacht, trédhearcacht agus sláine T&N a mhéadú, agus go dtugtar an eolaíocht agus an tsochaí níos gaire dá chéile agus, ag an am céanna, gnéithe dlisteanacha dlíthiúla, slándála agus príobháideachais á gcur san áireamh. MOLANN SÍ don Choimisiún, do na Ballstáit agus do na geallsealbhóirí tacú le cleachtais eolaíochta oscailte agus iad a chur chun feidhme ina gcuid córas luaíochta agus meastóireachta le haghaidh taighde, taighdeoirí agus institiúidí, lena n-áirítear bonneagair thaighde, agus a gcomhordú Eorpach a neartú. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur seoladh an t-ardán foilsithe um Thaighde Oscailte Eorpach. AITHNÍONN SÍ gur eilimintí ábhartha de bheartas LET maidir leis an eolaíocht oscailte iad an bhiblea-éagsúlacht, an t-ilteangachas agus aitheantas a thabhairt do gach léiriú eolaíoch.

**B. TREOÍOCHT: TIONSCNAIMH CHOMHPHÁIRTEACHA, FAOI THIONCHAR T&N, LE RÉIMSÍ EILE BEARTAIS I gCOMHTHÉACS DOMHANDA**

18. SAINMHÍNÍONN SÍ an eilimint 'treoíocht' mar phróiseas de chomhordú straitéiseach idir T&N agus réimsí eile beartais ábhartha chun infheistíochtaí T&N a dhíriú ar bhealach straitéiseach, agus tús áite a thabhairt dóibh, agus ullmhú le haghaidh tionscnaimh bheartais atá faoi thionchar T&N a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, rud a chuireann le baint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin.

19. AITHNÍONN SÍ an dá aistriú, idir 'glas' agus 'digiteach', agus téarnamh athléimneach mar phríomhthreonna chun gníomhaíochtaí nithiúla beartais agus cistiúcháin a dhéanamh as 'LET Nua'. CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann le hinfheistíochtaí trasnáisiúnta T&N agus le cláir chomhpháirteacha ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear, ar bhealach uaillmhianach, le gníomhaíochtaí LET arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar an aistriú sin. CUIREANN SÍ I dTREIS a riachtanaí atá gníomhaíochtaí sonracha chun a áirithiú go gcuirfear ar fáil leis an mbeartas T&N tacaíocht níos fearr agus níos leordhóthanaí chun eolas agus teicneolaíochtaí a ionsú sna réimsí éagsúla beartais, lena n-áirítear chun straitéis thionsclaíoch na hEorpa a chur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá naisc leordhóthanacha laistigh agus idir éiceachórais na nuálaíochta agus a gcuid gníomhaithe ar fud na hEorpa chun a áirithiú go gcuirfear torthaí an taighde i bhfeidhm sa gheilleagar agus sa tsochaí ar bhealach níos tapa.

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leasmhara próiseas cláir oibre a chur i gcrích le haghaidh gníomhaíocht phíolótach taighde agus nuálaíochta de chuid LET maidir le hidrigin ghlas in 2021, agus comhsheasmhacht le tionscnaimh ghaolmhara eile á áirithiú ag an am céanna agus gan dochar dá ábhartha atá sé cur chuige beartais níos leithne a bheith ann a mhéid a bhaineann le T&N maidir le hidrigin de bhreis ar an ngníomhaíocht phíolótach LET sin.

21. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíochtaí LET a fhorbairt agus a chur chun feidhme go comhpháirteach, i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí LET, lena dtugtar aghaidh ar na príomhdhúshláin a bhaineann le treoíocht, an dá aistriú, agus téarnamh athléimneach a chothú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíochtaí tosaíochta a chomhaontú mar chuid de chlár oibre beartais LET in 2021, lena n-áirítear gníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas:

i. **Tionscnamh athléimneachta na hEorpa**: ADMHAÍONN SÍ na bearta a tionscnaíodh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, amhail an Plean Gníomhaíochta ‘ERAvsCorona' agus an ‘Spás Eorpach Sonraí Sláinte' a cruthaíodh go comhpháirteach a bhuí le bonneagair thaighde agus ríomh-bhonneagair laistigh den Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte; AITHNÍONN SÍ gur gá leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as an ngéarchéim agus obair a dhéanamh ar struchtúir ardfhorbartha maidir le cosc agus freagairt chun athléimneacht na hEorpa sa todhchaí a fheabhsú, lena n-áirítear fís chomhroinnte maidir le príobháideachas agus saincheisteanna eiticiúla eile; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tionscnamh meántéarmach beartais atá comhpháirteach agus comhordaithe, agus atá faoi thionchar T&N, a bhunú, agus na tosaíochtaí a bunaíodh sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á gcur san áireamh.

ii. **Claochlú digiteach**: ADMHAÍONN SÍ go mbíonn tionchar nach beag ag an gclaochlú digiteach ar gach gné den 'LET Nua'; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuireann teicneolaíochtaí digiteacha (líonraí 5G, próiseálaithe agus comhpháirteanna leictreonacha, ríomhaireacht ardfheidhmíochta, rochtain ar shonraí, próiseáil agus anailísíocht sonraí) le ceannasacht theicneolaíoch na hEorpa; MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit leibhéal an chomhordaithe náisiúnta agus Eorpaigh a mhéadú, go háirithe maidir le bonneagair thaighde agus ríomh-bhonneagair. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an poitéinseal a bhaineann leis an intleacht shaorga i ndáil leis an méid sin. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil géarghá le cur chuige comhleanúnach, cuimsitheach agus straitéiseach maidir leis na gníomhaíochtaí éagsúla a bhaineann leis an intleacht shaorga ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta, agus cur chuige atá dírithe ar an duine a ghlacadh a bheidh bunaithe ar luachanna coiteanna Eorpacha agus ar phrionsabail eiticiúla, lena n-áirítear an éagsúlacht shóisialta agus an comhionannas inscne, agus é d'aidhm aige iarracht a dhéanamh for-rochtain dhomhanda a bhaint amach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí gréasáin barr feabhais le haghaidh intleacht shaorga a bhunú ar fud na hEorpa, ina gcomhtháthófar snáitheanna éagsúla gníomhaíochtaí a bhaineann leis an intleacht shaorga, trí eolas agus torthaí taighde a chomhthiomsú, agus é d'aidhm acu tionchar an eolais agus an taighde sin a uasmhéadú, agus glacadh fheidhmchláir intleachta saorga a chur chun cinn i réimsí straitéiseacha, laistigh den Eoraip agus ar fud an domhain araon.

iii. **Comhpháirtíochtaí Eorpacha T&N**: IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn suntasach atá déanta chun cur chuige nua straitéiseach agus cuimsitheach a fhorbairt i leith comhpháirtíochtaí Eorpacha T&N agus chun an 'Próiseas nua um Chomhordú Straitéiseach' a ullmhú; CUIREANN SÍ I dTREIS go mbeidh ról ríthábhachtach sa treoíocht nua freisin ag comhpháirtíochtaí a nascann infheistíochtaí agus tiomantas polaitiúil ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. IARRANN SÍ ar na Ballstáit lánúsáid a bhaint as poitéinseal na gcomhpháirtíochtaí chun scála agus raon feidhme san Eoraip a bhaint amach go comhpháirteach chun aghaidh a thabhairt ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar bhealach éifeachtach, lena n-áirítear trí ranníocaíochtaí iomchuí náisiúnta airgeadais agus comhchineáil a sholáthar chun tionscnaimh ar leibhéal an Aontais a chomhlánú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go seolfar an Próiseas um Chomhordú Straitéiseach le haghaidh Comhpháirtíochtaí go tráthúil.

iv. **Cúrsaíocht eolais:** CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun sócmhainní intleachtúla agus eolaíocha an Aontais a thiontú ina dtáirgí agus ina seirbhísí nua a chomhlíonann éilimh na sochaí. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún cleachtais eolaíochta oscailte agus nuálaíochta oscailte a chur chun cinn, agus comhchruthú eolais agus teicneolaíochta a spreagadh san Eoraip; IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh ón gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar *Commission Recommendation 2008 on the management of intellectual property in knowledge transfer activities and Code of Practice* [Moladh ón gCoimisiún 2008 maidir le maoin intleachtúil a bhainistiú i ngníomhaíochtaí aistrithe eolais agus Cód Cleachtais] i gcomhréir leis an Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip, agus Straitéis an Aontais maidir le Bonneagair Theicneolaíochta[21] a fhorbairt chun comhoibriú agus malartú eolais a éascú idir cuideachtaí Eorpacha agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain acu ar na scileanna agus ar an saineolas ceart**.**

v. **EUREKA**: ADMHAÍONN SÍ an méid suntasach atá bainte amach ag EUREKA agus é ag rannchuidiú le LET, lena n-áirítear lena ghné sheachtrach, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rannchuidiú chun EUREKA a fhorbairt tuilleadh mar struchtúr uile-Eorpach ceannródaíoch chun gníomhaíochtaí dé-Eorpacha agus iltaobhacha taighde agus nuálaíochta arna ndéanamh sa tionscal agus sa saol acadúil a chur chun feidhme, go háirithe ag díriú go háirithe ar an dá aistriú, agus a chur ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe a bheith rannpháirteach, lena n-áirítear a n-acmhainneacht comhair Eorpaigh agus idirnáisiúnta, atá ag éirí níos ábhartha.

---

**21** Ciallaíonn ‘bonneagar teicneolaíochta' saoráidí agus acmhainní, amhail leapacha tástála, línte píolótacha, léiritheoirí, saoráidí tástála nó saotharlanna beo, agus seirbhísí gaolmhara, a úsáideann saotharlanna taighde poiblí nó lucht tionscail chun teicneolaíocht an-nuálach atá bailíochtaithe i dtimpeallacht saotharlainne a fhorbairt, a mhonarú, a thástáil agus a fheabhsú, lena n-áirítear forbairt fréamhshamhlacha, sainiú próiseas monaraithe agus nósanna imeachta tástála; is féidir le roinnt úsáideoirí rochtain a fháil ar na bonneagair sin.

vi. **An comhar idirnáisiúnta**: LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le comhpháirtíocht neartaithe idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le comhaontuithe comhair eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta agus 'Taidhleoireacht Eolaíochta' ionas go mbainfear amach rannpháirtíocht níos comhdhlúite le tríú tíortha ina dtabharfar lánurraim do phrionsabail na cómhalartachta, na hoscailteachta, na trédhearcachta, na luachanna coiteanna lena n-áirítear cearta an duine agus cearta maoine intleachtúla, agus tionchar níos mó maidir le spriocanna uileghabhálacha beartais an Aontais; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún idirphlé beartais a chomhordú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun caidrimh sheanbhunaithe taighde agus nuálaíochta a fheabhsú agus comhar le tríú tíortha agus réigiúin a neartú, lena n-áirítear an Afraic, comhpháirtíochtaí an Oirthir agus an Deiscirt, leis an réigiún Eora-Mheánmhara agus lena chois sin chun tionscnaimh chomhair leis na Balcáin Thiar a neartú agus AITHNÍONN SÍ an gá atá le cur chuige níos cuimsithí i ndáil le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a chosaint ach ag an am céanna geilleagar oscailte a choinneáil ar bun ag an am céanna lena n-áirítear trína chomhar taighde agus nuálaíochta le tríú tíortha. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le hiarracht mhéadaithe a dhéanamh le haghaidh fadbhreathnaitheacht, meastóireacht agus faireachán comhordaithe il-leibhéil i dtaca le tionchar an chomhair taighde agus nuálaíochta lasmuigh den Eoraip.

## C. AN RANNPHÁIRTÍOCHT: INFHEICTHEACHT AGUS ÁBHARTHACHT NA TAIGHDE AGUS NA NUÁLAÍOCHTA SA tSOCHAÍ

22. SONRAÍONN SÍ gurb é a bheidh sa ghné 'rannpháirtíocht' sin na comhiarrachtaí a dhéanfaidh an tAontas agus na Ballstáit lena n-ardófar infheictheacht LET nua laistigh den phobal taighde agus lena méadófar infheictheacht agus ábharthacht na taighde agus na nuálaíochta sa tsochaí a mhéid a bhaineann le dearadh, cur chun feidhme agus malartú eolais na dtionscnamh taighde agus nuálaíochta ar leibhéal an tionscadail, an chláir agus na n-institiúidí.

23. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an feachtas eolaíochta do shaoránaigh dar teideal 'Plastic Pirates' a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh ina ghníomh píolótach de chuid LET chun 'idirghníomhú' a chothú laistigh de LET d'fhonn feasacht a mhúscailt i measc na saoránach, go háirithe na saoránaigh óga, ar an tionchar agus ar na tairbhí a bhíonn ag an taighde agus ag an nuálaíocht ina saol laethúil. MOLANN SÍ go ndéanfaí comhar leis an Misean atá beartaithe maidir le hAigéin, Farraigí, agus Uiscí Cósta agus Intíre Sláintiúla.

24. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíochtaí LET lena dtugtar aghaidh ar na príomhdhúshláin a fhorbairt agus a chur chun feidhme go comhpháirteach i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí LET chun an idirghníomhaíocht a chothú leis an tsochaí. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíochtaí tosaíochta a chomhaontú mar chuid de chlár oibre beartais LET in 2021, lena n-áirítear gníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas:

    i) **Feachtais Eolaíochtaí na Saoránach**: IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Feachtas Eolaíochta Saoránach uile-Eorpach a eagrú gach dhá bhliain ar a laghad chun dea-chleachtais a rolladh amach lena ndreasófar agus lena gcúiteofar rannpháirtíocht na saoránach i gceapadh agus cur chun feidhme bheartas na taighde agus na nuálaíochta ar fud na hEorpa chun muinín na saoránach san eolaíocht a atreisiú agus an bealach a réiteach dóibh dul leis an eolaíocht, leis an teicneolaíochta agus leis an nuálaíocht. SPREAGANN SÍ sineirgí idir Feachtas Eolaíochta na Saoránach agus na misin Fís Eorpach atá beartaithe.

ii) **Cumarsáid Eolaíochta**: SPREAGANN SÍ na Ballstáit agus an Coimisiún a n-iarrachtaí a atreisiú chun feasacht an phobail ar an eolaíocht agus ar an teicneolaíocht a fheabhsú, tóir an phobail ar an eolaíocht agus suim na meán a spreagadh agus dlús a chur leis an oideachas eolaíochta agus oiliúint agus na scileanna iomchuí maidir le cumarsáid eolaíochta a chur ar fáil do thaighdeoirí. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chuige beartais Eorpach a bhunú maidir le cumarsáid eolaíochta ina mbreithneofar Líonra cónasctha Meán Eolaíochta de chuid an Aontais lena dtabharfar rochtain do phobal, meáin agus polaitíocht na hEorpa ar thuairimí eolaíocha atá cothrom le dáta maidir le hábhair chomhaimseartha, tionscnamh nua maidir le Príomhchathracha Eorpacha na hEolaíochta agus na Nuálaíochta agus gníomhaíochtaí líonrúcháin lena ndíreofar ar thionscnaimh ábhartha a dhéantar ar an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais féin.

## D. CUIMSITHEACHT LEATHAN AGUS ROCHTAIN AR BHARR FEABHAIS

25. SAINMHÍNÍONN SÍ gurb é atá sa 'Cuimsitheacht' rannpháirtíocht leathan inscne-chothrom neamh-idirdhealaitheach a dhéanann taighdeoirí agus gníomhaithe náisiúnta agus réigiúnacha agus geallsealbhóirí taighde agus nuálaíochta ar fud na hEorpa i ngníomhaíochtaí LET lena ngníomhachtófar agus lena n-úsáidfear go hiomlán poitéinseal LET rannchuidiú le cuspóirí beartais réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha trí bhíthin bearta spriocdhírithe ar an leibhéal náisiúnta agus/nó ar leibhéal an Aontais chun oscailteacht agus cuimsitheacht na líonraí comhair a chur chun cinn agus an ilroinnt agus na héagothromaíochtaí idir na Ballstáit agus laistigh díobh a laghdú.

26. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit Ardán Tallainne LET a dhéanamh de EURAXESS, arb é gníomhaíocht phíolótach LET chun 'cuimsitheacht' a chothú laistigh de LET, ardán a bheidh in ann aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá ann faoi láthair ar phatrún soghluaisteachta neamhchothrom trí thacú le taighdeoirí ina bhforbairt ghairme laistigh de LET, taighdeoirí agus institiúidí a nascadh, infhostaitheacht a fheabhsú agus trí scéimeanna ionsúcháin tallainne agus scéimeanna soghluaisteachta.

27. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíochtaí LET lena dtugtar aghaidh ar na príomhdhúshláin a fhorbairt agus a chur chun feidhme go comhpháirteach i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí LET chun cuimsitheacht leathan a chothú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíochtaí tosaíochta a chomhaontú mar chuid de chlár oibre beartais LET in 2021, lena n-áirítear gníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas:

i. **Gluaiseacht daoine oilte:** ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur dúshlán mór sna Ballstáit agus roimh na Ballstáit go fóill é feiniméan imirce na ndaoine oilte, feiniméan dar cúis roinnt tosca socheacnamaíocha éagsúla ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, agus go gcuireann sé le deighilt taighde agus nuálaíochta laistigh den Aontas. AITHNÍONN SÍ gur croíghné de LET Nua í soghluaisteacht gheografach agus soghluaisteacht idir-earnálach na dtaighdeoirí, agus gur leis an ngné sin a áiritheofar torthaí den chéad scoth. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit faireachán agus moltaí a dhéanamh maidir le bearta lena dtabharfar aghaidh ar ghluaiseacht neamhchothrom na ndaoine oilte, lena n-áirítear an córas luacha saothair, an patrún soghluaisteachta, dálaí fostaíochta, beartais slándála sóisialta, inaistritheacht na ndeontas agus na bpinsean chomh maith le soghluaisteacht idir-earnálach na dtaighdeoirí.

ii. **An Comhionannas Inscne:** MEABHRAÍONN SÍ agus is cúis mhór imní di go bhfuil éagothroime mhór inscne ann go fóill lena gcoisctear ar an Eoraip leas iomlán a bhaint as iomlán phoitéinseal a córas taighde agus nuálaíochta dar cuspóir barr feabhais a bhaint amach, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit díriú go nua ar an gcomhionannas inscne agus ar an bpríomhshruthú inscne, lena n-áirítear trí ionstraim na bpleananna comhionannais inscne agus trí ghné na hinscne a chomhtháthú in ábhar na taighde agus na nuálaíochta. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar eagraíochtaí maoinithe taighde dul chun cinn a dhéanamh maidir le bearta lena áirithiú nach mbeidh tionchar ag an laofacht inscne ar an maoiniú a leithdháilfear don taighde.

iii. **Bainistiú Eolaíochta**: AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá méadaitheach le bainistiú na heolaíochta a ghairmiúlú in eagraíochtaí a dhéanann taighde agus nuálaíocht, lena n-áirítear trí scileanna digiteacha chun feabhas a chur ar a gcumas páirt a ghlacadh i líonraí comhair ar fud LET; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gníomhaíocht phíolótach a sheoladh le haghaidh clár líonraithe uile-Eorpach do bhainisteoirí eolaíochta lena n-áirítear bainisteoirí bonneagair taighde agus BREITHNÍONN SÍ an breisluach a bhaineann le comhar idir soláthraithe oiliúna bainistithe eolaíochta, lena n-áirítear laistigh den earnáil ardoideachais, chun cláir agus treoirlínte bainistithe eolaíochta a chruthú.

iv. **COST**: ADMHAÍONN SÍ gur ionstraim shuntasach taighde agus nuálaíochta agus gur tairseach iontrála chuig LET é COST ós rud é go gcothaítear leis comhar taighde, idir Eorpach agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear trína chuimsitheacht agus trína chur chuige ón mbun aníos; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ról COST mar phríomhionstraim líonraithe i LET a atreisiú trí thaighdeoirí óga a nascadh, a chumhachtú agus a choinneáil go háirithe agus chun tacú le saorghluaiseacht na n-eolaithe, lena n-áirítear gairmréimeanna taighde a fhorbairt, agus go háirithe chun rannpháirtíocht thíortha Comharsanachta a chothú, e.g. trí scoileanna oiliúna COST agus trí shásraí soghluaisteachta gearrthéarmacha.

## IV. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

28. IARRANN SÍ ar na huachtaránachtaí a bheidh ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh amach anseo agus ar an gCoimisiún idirphlé rialta beartais a eagrú chun tacú le hinfheistíochtaí dar sprioc tionchar agus athchóirithe ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach agus slógadh na bhfoinsí uile cistiúcháin agus na n-uirlisí tacaíochta beartais atá ar fáil ar an leibhéal Eorpach, lena n-áirítear trí 'Comhdhálacha Aireachta LET' gach dhá bhliain, ar a laghad, agus é mar aidhm acu tuilleadh gníomhaíochtaí a chruthú chun clár beartais LET a chur chun feidhme agus an fhorbairt a rinneadh ar na gníomhaíochta atáthar a dhéanamh faoi láthair faoi LET agus ar an méid a baineadh amach leo sin a bhreithniú.

29. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit clár oibre beartais LET agus samhail rialachais il-leibhéil a cheapadh in 2021 chun 'LET nua' a bhaint amach, clár lena gcuimseofar ceapadh agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí LET agus AG CUR SAN ÁIREAMH DI na gnéithe a bhaineann le rialachas sa teachtaireacht faoi LET ón gCoimisiún, an 'Comhshocrú maidir le Taighde agus Nuálaíochta san Eoraip' agus 'Fóram LET um Aistriú'. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart gurb iad na prionsabail seo a leanas na prionsabail ar a mbunófaí ceapadh na samhla nua rialachais:

- **Cuimsitheacht**: Rannpháirtíocht na mBallstát uile lena n-áirítear údaráis réigiúnacha, Coiste Eorpach na Réigiún, geallsealbhóirí taighde agus nuálaíochta agus, i gcás inarb iomchuí, an tsochaí shibhialta.
- **Éifeachtacht**: Próisis rialachais seanga iomchuí a shainiú chun gníomhaíochtaí LET a cheapadh agus a chur chun feidhme trí chuspóirí comhchoiteanna a shocrú agus cinneadh ar na bearta is gá a dhéanamh chun tionscnaimh LET a chur chun feidhme, agus beartais ábhartha earnála á chur san áireamh.
- **Comhsheasmhacht**: A bheith ag dréim le tuilleadh malartaithe agus comhair idir na leibhéil, idir áitiúil, réigiúnach agus Eorpach, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna struchtúracha laistigh agus lasmuigh de shainchúram beartais taighde agus nuálaíochta.
- **Éifeachtúlacht**: Nascadh leis an bpleanáil straitéiseach atá beartaithe faoin gclár Fís Eorpach chun ailíniú na mbeartas agus na mbeart taighde agus nuálaíochta a fheabhsú go luath, agus ar an gcaoi sin scóip agus tionchar ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, idir náisiúnta agus Eorpacha, a leathnú.
- **Cur chuige fianaise-bhunaithe**: Athbhreithniú a chothú i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún ar chóras faireacháin LET lena n-áirítear a tháscairí agus a nósanna imeachta tuairiscithe, AG BREATHNÚ AR an togra ón gCoimisiún maidir le scórchlár bliantúil de chuid LET a bhunú, agus féachaint le cúnamh teicniúil saineolach a chur ar fáil do na Ballstáit chun feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí náisiúnta maidir le faireachán LET agus ar an nasc atá acu leis an Seimeastar Eorpach agus úsáid a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.
- **Ábharthacht**: Tosaíochtaí a leagan síos de réir na mbeartas, trí, inter alia, ról iomchuí a bheith ag an gComhairle chomh maith le díospóireachtaí beartais trí chomhdhálacha aireachta rialta de chuid LET ina mbeidh geallsealbhóirí agus comhpháirtithe lasmuigh de na Ballstáit rannpháirteach de réir mar is iomchuí.

30. IARRANN SÍ ar ERAC comhairle a thabhairt maidir leis an gceist an mbeadh nó nach mbeadh gá le gníomhaíocht reachtach agus moltaí ón gComhairle, agus a mhéid a bheadh gá leis sin, chun 'LET nua' a bhaint amach.

31. IARRANN SÍ ar Uachtaránacht nua na Portaingéile druidim chun cinn le hábhar na ngairmeacha taighde agus ar an gCoimisiún tograí nithiúla a bhaineann le LET a thíolacadh chun na críche sin.